AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2023
C(2023) 8067 final

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.11.2023**

**maidir le modhanna chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh ar an lucht saothair iompair**

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.11.2023**

**maidir le modhanna chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh ar an lucht saothair iompair**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[1] treochlár chun an t-iompar san Aontas a chur go daingean ar an mbóthar ceart le haghaidh todhchaí inbhuanaithe agus chliste. Ceann de na garspriocanna[2] ar an mbealach i dtreo soghluaisteacht inbhuanaithe, chliste agus athléimneach is ea go ndéanfar soghluaisteacht uathoibrithe a chur in úsáid ar mhórscála faoi 2030. Aithnítear sa straitéis go bhfuil athruithe in earnáil an iompair, go háirithe na cinn a bhaineann leis an uathoibriú agus leis an gclaochlú digiteach, ag cruthú go leor dúshláin nua chomh maith le deiseanna don lucht saothair iompair. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí an Moladh seo a ghlacadh (Gníomhaíocht 69 de phlean gníomhaíochta na straitéise).

(2) In AE-27, tá thart ar 10 milliún duine[3] fostaithe in earnáil na seirbhísí iompair agus stórála (lena n-áirítear gníomhaíochtaí poist agus cúiréireachta), agus is 5,2 % den lucht saothair iomlán é an méid sin[4]. Oibríonn thart ar 53 % díobh in iompar de thalamh (bóthar, iarnród agus píblínte), 3 % in iompar uisce (ar muir agus ar uiscebhealaí intíre), 4 % in aeriompar, 26 % i dtrádstóráil agus i ngníomhaíochtaí tacaíochta agus iompair (mar shampla, láimhseáil lasta, stóráil agus trádstóráil), agus an 14 % eile i ngníomhaíochtaí poist agus cúiréireachta. Tá mná faoi ghannionadaíocht i lucht saothair na hearnála iompair san Aontas (22 %). Léiríonn anailís de réir aoise ar

[1] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] (COM/2020/789 final).

[2] Tá na garspriocanna sin leagtha amach chun bealach an chórais iompair Eorpaigh i dtreo chuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, chliste agus athléimneach a léiriú, rud a léiríonn an uaillmhian is gá do bheartais amach anseo.

[3] Figiúirí maidir le líon na ndaoine atá fostaithe in iompar, an lucht saothair iomlán agus sciartha in aghaidh an mhodha bunaithe ar Shuirbhé Eurostat ar an bhFórsa Saothair (15-64 bliana d'aois) – An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *EU transport in figures: statistical pocketbook 2022* [Iompar AE i bhfigiúirí: leabhar póca staidrimh 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/f656ef8e-3e0e-11ed-92ed-01aa75ed71a1/language-en.

[4] 4,6 % den fhostaíocht iomlán mura n-áirítear gníomhaíochtaí poist agus cúiréireachta.

lucht saothair iompair an Aontais in 2021[5] go raibh an sciar daoine idir 30 agus 49 mbliana d'aois cosúil leis an sciar den gheilleagar ina iomláine, ach go raibh sciar na n-oibrithe scothaosta ní b'airde san earnáil iompair (36,9 % 50-64 bliana d'aois), agus go raibh sciar na n-oibrithe óga ní b'ísle (12,1 % 15-29 mbliana d'aois).

(3) Thart ar 5 % de OBL iomlán in AE-27 in 2020[6] a bhí i gceist leis an earnáil seirbhísí iompair agus stórála (lena n-áirítear gníomhaíochtaí poist agus cúiréireachta) mar atá thart ar EUR 555 bhilliún in Oll-Bhreisluach (OBL) ag praghsanna reatha.

(4) I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, leagtar amach 20 príomhphrionsabal agus príomhcheart atá fíor-riachtanach do mhargaí saothair agus córais cosanta sóisialta atá cothrom agus dea-fheidhmiúil. Is é an Colún an leabhar rialacha Eorpach chun a áirithiú go mbeidh na haistrithe glasa agus digiteacha cothrom agus cóir go sóisialta, d'úsáideoirí iompair[7] agus don lucht saothair iompair araon. Sa Mholadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú[8], leagtar amach treoraíocht chuimsitheach do na Ballstáit maidir leis na pacáistí beartais is gá chun nach bhfágfar aon duine ar lár san aistriú glas. Is é is aidhm do straitéis dhigiteach an Aontais[9] gur chun leas na saoránach agus na ngnólachtaí a rachaidh an claochlú digiteach, sin agus cuidiú leis an Aontas a sprioc a bhaint amach go mbeidh an Eoraip aeráidneodrach faoi 2050. Le clár beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach[10], socraíodh spriocanna digiteacha, lena n-áirítear le haghaidh daonra a bhfuil scileanna digiteacha acu agus gairmithe digiteacha ardoilte, agus maidir le claochlú digiteach gnólachtaí.

(5) Sa staidéar ar an ngné shóisialta den aistriú chuig an uathoibriú agus chuig an gclaochlú digiteach san iompar, ag díriú ar an lucht saothair'[11], rinneadh measúnú ar

---

5 An Coimisiún Eorpach, Eurostat, Jere, N., Corselli-Nordblad, L., Ford-Alexandraki, E., et al., *Key figures on European transport: 2022 edition* [Príomhfhigiúirí maidir le hiompar Eorpach: eagrán 2022], Jere, N. (eagarthóir), Corselli-Nordblad, L. (eagarthóir), Ford-Alexandraki, E. (eagarthóir), Xenellis, G. (eagarthóir), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/548fbb23-9d7a-11ed-b508-01aa75ed71a1/language-en.

6 Is é 4,6 % de OBL iomlán sciar an iompair mura n-áirítear gníomhaíochtaí poist agus cúiréireachta. Meastacháin bunaithe ar Chuntas Náisiúnta Eurostat (sonraí 2018) – An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *EU transport in figures: statistical pocketbook 2022* [Iompar AE i bhfigiúirí: leabhar póca staidrimh 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/f656ef8e-3e0e-11ed-92ed-01aa75ed71a1/language-en.

7 Sa staidéar ar an ngné shóisialta de chóras iompair an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le húsáideoirí agus paisinéirí leagadh amach na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le nuachóiriú an chórais iompair do ghrúpaí éagsúla úsáideoirí iompair – lena n-áirítear saoránaigh a bhfuil scileann laga TF acu nó a bhfuil rochtain theoranta acu ar an idirlíon – agus rinneadh athbhreithniú ann ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann lena n-áiritheofaí gur i gcroílár an chórais iompair a bheidh ann amach anseo a bheidh úsáideoirí: An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Kouris, S., *Study on the social dimension of the future EU transport system regarding users and passengers – Final report* [Staidéar ar an ngné shóisialta de chóras iompair an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le húsáideoirí agus paisinéirí – Tuarascáil deiridh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/a6cf3c66-34a9-11ed-8b77-01aa75ed71a1/language-en.

8 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú 2022/C 243/04 (IO C 243, 27.6.2022, lch. 35).

9 https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age_ga

10 Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

11 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Study on the social dimension of the transition to automation and digitalisation in transport, focusing on the labour force:*

an bhfeasacht, ar an ullmhacht agus ar an ngá atá le treoraíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara san iompar. Fuarthas amach ann nach bhfuil mórán feasachta ann, go ginearálta, san earnáil, ar thionchar an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh ar an lucht saothair iompair. Ar an meán, tá páirtithe leasmhara iompair measartha ullmhaithe don aistriú sin. Dealraíonn sé go ndéanann ceardchumainn agus comhlachtaí poiblí náisiúnta athruithe a thuar nó a bhainistiú níos mó ná fostóirí. Tugann na páirtithe leasmhara a ndearnadh suirbhé orthu le fios, má tá treoraíocht agus bearta breise ag teastáil, gur cheart dóibh díriú den chuid is mó ar chomhroinnt eolais, chomh maith le hoiliúint agus oideachas an lucht saothair. Ós rud é gur minic nach mbíonn fostóirí iompair – fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)[12] go háirithe – ar an eolas faoi bhearta ná straitéisí atá dírithe ar an aistriú a éascú don lucht saothair, is cosúil nach é gné shóisialta an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh an t-ábhar tosaíochta atá acu.

(6) Cuireadh conclúidí an staidéir i gcreat modheolaíochta a bhí bunaithe ar thorthaí an tSainghrúpa Ardleibhéil maidir le Tionchar an Chlaochlaithe Dhigitigh ar Mhargaí Saothair an Aontais[13]. Leis an gcreat sin, tugtar forbhreathnú ar réamhchoinníollacha atá fíor-riachtanach chun aistriú rianúil a dhéanamh (is iad sin feasacht ar an ngné shóisialta; na riachtanais scileanna a bheidh ann amach anseo a shainaithint; idirphlé sóisialta cuiditheach; timpeallacht reachtach chumasúcháin; dearcadh dearfach i leith an athraithe) agus ar chumasóirí a rannchuideoidh leis an aistriú a éascú.

(7) Pléadh dréachtábhar an Mholta seo le grúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le saincheisteanna sóisialta cothrománacha san iompar[14] agus, ag comhdháil páirtithe leasmhara i mí an Mhárta 2023[15], leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile ón earnáil iompair, lena n-áirítear údaráis phoiblí, eagraíochtaí fostóirí, ceardchumainn, soláthraithe oideachais agus oiliúna, cuideachtaí agus gairmithe iompair. Chuathas i gcomhairle freisin leis na coistí um idirphlé sóisialta earnála a bunaíodh i gcodanna éagsúla d'earnáil an iompair[16].

---

*final report* [Staidéar ar an ngné shóisialta den aistriú chuig an uathoibriú agus chuig an gclaochlú digiteach san iompar, ag díriú ar an lucht saothair: an tuarascáil deiridh], Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/476d738a-404c-11ec-89db-01aa75ed71a1/language-en.

12 Le haghaidh sainmhíniú ar FMBanna, féach Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

13 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, *Report of the high-level expert group on the impact of the digital transformation on EU labour markets* [Tuarascáil ón sainghrúpa ardleibhéil maidir le tionchar an chlaochlaithe dhigitigh ar mhargaí saothair an Aontais], Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/d9574c3a-67fb-11e9-9f05-01aa75ed71a1/language-en.

14 https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&do=groupDetail.groupDetail&groupID=3732

15 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Stakeholder conference on means to mitigate the impact of the transition to automation and digitalisation on the transport workforce:*: *conference report* [Comhdháil na bPáirtithe Leasmhara maidir le modhanna chun tionchar an aistrithe chuig uathoibriú agus claochlú digiteach ar an lucht saothair iompair a mhaolú: tuarascáil na comhdhála], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/1c589bc0-1eca-11ee-806b-01aa75ed71a1/language-en.

16 I gcomhréir le Cinneadh 98/500/CE ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 1998 lena mbunaítear Coistí um Idirphlé Earnála agus lena gcuirtear an tIdirphlé idir na comhpháirtithe sóisialta chun cinn ar an leibhéal Eorpach (IO L 225, 12.8.1998, lch. 27).

(8) Ní feiniméin nua iad an t-uathoibriú agus an claochlú digiteach. Tá siad idirnasctha, ach ní gá gurb ionann an tionchar a bhíonn acu ar an lucht saothair. Is cuid de choincheap níos leithne den chlaochlú digiteach é an t-uathoibriú agus sainmhínítear é mar 'ionchur daonna a ionadú, go hiomlán nó go páirteach, le hionchur meaisín nó bogearraí[17]. Sainmhínítear coincheap níos leithne an chlaochlaithe dhigitigh mar 'chomhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí digitithe i ngach gné den saol'[18]. Seachas ionchur daonna a ionadú go hiomlán nó go páirteach, ciallaíonn an claochlú digitiú, dá bhrí sin, uirlisí digiteacha a úsáid san ionad oibre.

(9) Ní hamháin go mbeidh tionchar ag an teicneolaíocht ar fhorbairtí i margadh an tsaothair, lena n-áirítear an costas atá léi agus glacadh léi, ach beidh ag tosca eile orthu freisin, mar shampla, domhandú, athrú déimeagrafach, an t-aistriú glas, treochtaí eacnamaíocha agus sóisialta eile, agus an timpeallacht rialála. Ina theannta sin, beidh luas an uathoibrithe éagsúil ó thír go tír agus ó réigiún go chéile, agus ó thaobh modhanna iompair, cineálacha gairme, agus scileanna agus inniúlachtaí de.

(10) De réir tuarascáil le déanaí maidir le todhchaí na hoibre in earnáil an iompair[19], tá éagsúlacht mhór ann sna rioscaí a bhaineann le huathoibriú post ar fud na dtíortha is tionsclaithe. Tá idir 5,7 agus 50 faoin gcéad de phoist ar bheagán oiliúna (mar shampla, dugairí nó láimhseálaithe bagáiste) neamhchosanta ar ardriosca uathoibrithe. Tá riosca idir 7 agus 23 faoin gcéad ann do phoist mheánoilte (mar shampla, maraithe cumasacha nó tiománaithe trucailí troma). Ós rud é nach bhfuil ach riosca suas le 2 faoin gcéad ann, is iad na poist ardoilte (mar shampla, oifigigh loinge, píolótaí aerárthaí agus gairmithe) is lú a d'fhéadfadh caillteanas post difear a dhéanamh dóibh mar thoradh ar theicneolaíochtaí uathoibrithe a thabhairt isteach.

(11) D'aithin an tionscadal taighde Eorpach SKILLFUL[20] na poist ar orthu is mó a bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ag na hathruithe agus forbairtí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ar chóras iompair na hEorpa. I measc na bpost iompair ar dócha go n-athrófar iad tá tiománaithe, oibritheoirí láimhe, eisitheoirí agus rialaitheoirí ticéad, foireann lárionad lóistíochta, rialaitheoirí slándála, agus cléirigh áirithinte agus gníomhairí taistil. I measc na ndaoine a bhfuil coinne leis gur níos ábhartha a bheidh siad tá bainisteoirí lóistíochta, oibritheoirí lóistíochta ag críochfoirt agus seoltóirí seachadta, saineolaithe ar an intleacht shaorga, claochlú digiteach, mórshonraí, saineolaithe slándála agus cibearshlándála, pearsanra seirbhísí dlí agus speisialtóirí cosanta príobháideachais, agus oibritheoirí feithiclí uathoibrithe agus ladrann.

(12) D'fhéadfadh páirtithe leasmhara éagsúla breathnú ar chuspóir an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh agus ar a dtionchar ar an lucht saothair ar bhealaí éagsúla. Trí chomhthuiscint a chothú maidir leis na tairbhí agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na forbairtí sin agus maidir leis na saincheisteanna atá i gceist, neartófar an comhar agus an spiorad foirne i measc grúpaí páirtithe leasmhara.

---

[17] https://www.eurofound.europa.eu/data/digitalisation/research-digests/automation-digitisation-and-platforms-in-the-world-of-work#s-178

[18] https://www.eurofound.europa.eu/data/digitalisation/research-digests/automation-digitisation-and-platforms-in-the-world-of-work#s-176

[19] An Ollscoil Dhomhanda Mhuirí, *Transport 2040: Automation, Technology, Employment – The Future of Work* (2019). Tuarascálacha. 58. https://commons.wmu.se/lib_reports/58.

[20] Forbairt scileanna agus inniúlachtaí gairmithe iompair amach anseo ar gach leibhéal (https://www.skillfulproject.eu/) – Sprioc Insoláthartha D1.1 (2017) *Future scenarios on skills and competences required by the transport sector in the short mid and long-term*.

(13) Is féidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhaineann le hiompar faoin gclár Fís Eorpach, mar shampla, Soghluaisteacht nasctha, chomhoibritheach agus uathoibrithe (CCAM)[21], I dtreo iompar de bhóthar atá saor ó astaíochtaí (2Zero)[22] agus uisce-iompar astaíochtaí nialasacha (ZEWT)[23], an malartú ar thionchar sóisialta an aistrithe a éascú, toisc go dtugann siad líonraí páirtithe leasmhara poiblí-príobháideacha éagsúla agus fairsinge le chéile.

(14) Tá uas-sciliú agus athsciliú ríthábhachtach chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhainistiú. Nuair a bhíonn na scileanna cearta ag an lucht saothair, cuirtear leis an bhfás inbhuanaithe, cuirtear leis an nuálaíocht agus feabhsaítear iomaíochas cuideachtaí. Luaitear i bPrionsabal 1 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ‘go bhfuil an ceart ag cách ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach d’fhonn scileanna a chothabháil agus a fháil ionas gur féidir leo a bheith lán-rannpháirteach sa tsochaí agus aistrithe sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil’. Tá sé d’aidhm ag an mBliain Eorpach um Scileanna[24] cuidiú le daoine na scileanna cearta a fháil le haghaidh poist ardcháilíochta agus cabhrú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna san Aontas.

(15) Tá an earnáil iompair sainaitheanta mar cheann de na hearnálacha ina mbeidh scileanna agus saothar nua ag teastáil chun an Comhaontú Glas don Eoraip (chomh maith le straitéisí náisiúnta ábhartha) a chur chun feidhme, agus mar cheann ina bhfuil an lucht saothair oilte gann cheana féin. Chomh maith le ganntanais a bhaineann leis an athrú i dtreo foinsí fuinnimh in-athnuaite agus i dtreo ábhar, táirgí agus modhanna iompair atá inbhuanaithe agus fuinneamhéifeachtúil, tá ganntanas suntasach saothair le feiceáil cheana féin i ngairmeacha áirithe iompair. Tá tiománaithe trucailí troma agus leoraithe sna 10 rangú is mó ina bhfuil ganntanais lucht saothair i ngach tuarascáil maidir le míchothromaíochtaí ar an margadh saothair san Eoraip[25] ó bhí 2017 ann. In 2022, den chéad uair rangaíodh tiománaithe bus agus tram sna 10 ngairm is mó ina bhfuil ganntanais sainaitheanta. D’fhéadfadh ganntanais lucht saothair dlús a chur leis an uathoibriú, rud a d’fhéadfadh a bheith ina dheis an tráth céanna chun oibrithe atá ar iarraidh a chúiteamh.

(16) Sainaithníodh sa tionscadal taighde Eorpach WE-TRANSFORM[26] an leibhéal tábhachta a bhaineann leis na scileanna agus na hinniúlachtaí éagsúla is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht oibre uathoibrithe dhigitithe a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear tríd an modh iompair.

(17) Is féidir leis an gCoimisiún, agus cúnamh á fháil aige óna ghníomhaireachtaí, treoraíocht a chur ar fáil maidir leis na scileanna is gá faoin aistriú chuig an uathoibriú

---

21 https://www.ccam.eu/ – Ina theannta sin, rannchuideoidh an tionscadal Fís Eorpach ‘Éifeachtaí CCAM ar phoist agus ar oideachas, pleananna do scileanna a thagann le forbairt CCAM, agus réamhriachtanais le haghaidh fás fostaíochta’ (HORIZON-CL5-2023-D6-01-05) le tuiscint níos fearr ar na héifeachtaí fostaíochta sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

22 https://www.2zeroemission.eu/

23 https://www.waterborne.eu/partnership/partnership

24 https://year-of-skills.europa.eu/index_en

25 An tÚdarás Eorpach Saothair, *Report on labour shortages and surpluses – 2022* [Tuarascáil ar ghanntanais agus barrachais lucht saothair – 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/84e10a5e-ceb0-11ed-a05c-01aa75ed71a1/language-en.

26 Lucht Oibre na hEorpa – Clár claochlaithe don uathoibriú iompair (https://wetransform-project.eu/) – Sprioc Insoláthartha D3.2 *Anailís ar bhacainní, riachtanais, scileanna agus dúshláin an lucht saothair*.

agus an claochlú digiteach, trí staidéir, mar shampla. Sampla amháin le déanaí is ea staidéar na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí ar inniúlachtaí d'oibritheoirí long dromchla uathrialaitheach muirí ó ionaid chianrialaithe[27].

(18) Is féidir le huirlisí digiteacha faoi stiúir na hintleachta saorga (IS) cuidiú freisin le riachtanais scileanna agus bearnaí scileanna a bheidh ann amach anseo a shainaithint ar an leibhéal náisiúnta agus cuidiú le daoine aonair conairí gairme agus deiseanna foghlama amach anseo a shainaithint. Is féidir leis na huirlisí sin, uirlisí atá á bpíolótú cheana féin ag roinnt seirbhísí poiblí fostaíochta[28], deiseanna a chur ar fáil le haghaidh réitigh níos sistéamaí ar fud na n-earnálacha.

(19) Maidir le hearnálacha eile, léiríonn an treocht i dtreo an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh níos mó in earnáil an iompair an gá atá le cláir oiliúna tosaigh agus leanúnacha leormhaithe, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint. Ní mór do na cláir sin oibrithe a ullmhú go héifeachtach do na dúshláin a bhaineann leis an obair a dhéanfar amach anseo go tráthúil, ós rud é go bhféadfadh an t-uathoibriú agus an claochlú digiteach a bheith ina gcúis le neamhréir idir éileamh agus soláthar scileanna. Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na bpost ina bhfuil cumais chognaíocha ríthábhachtach, rud a fhágann go bhfuil ardoiliúint agus scileanna réitithe fadhbanna casta níos tábhachtaí do roinnt cineálacha post. Thairis sin, tá méadú ag teacht cheana ar an éileamh ar ardinniúlachtaí san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM) agus ar shaineolas i réimse na teicneolaíochta faisnéise, agus meastar go dtiocfaidh méadú breise air sin amach anseo. D'fhéadfadh riachtanais scileanna atá ag dul i méid laghdú breise a dhéanamh ar líon na n-oibrithe atá ar fáil.

(20) Ceann de thosaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027[29] is ea scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fheabhsú don chlaochlú digiteach, lena n-áirítear trí oideachas ríomhaireachta ar ardcháilíocht agus cuimsitheach a chur chun cinn ó aois óg, agus trí rannpháirtíocht na mban in ETIM a spreagadh. D'fhéadfadh sé sin cuidiú, san fhadtéarma, aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí atá ag fostóirí oibrithe ardoilte a earcú, lena n-áirítear in earnáil an iompair.

(21) Tacaíonn an Clár Oibre Scileanna don Eoraip le sealbhú scileanna don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Ceann dá ghníomhaíochtaí suaitheanta is ea an Comhshocrú um Scileanna[30], arb é is aidhm dó gníomhaíocht chomhchoiteann maidir le forbairt scileanna a neartú trí chomhpháirtíochtaí.

(22) I bhfianaise na slabhraí luacha domhanda, cineál trasteorann a lán gníomhaíochtaí iompair, samhlacha nua gnó agus cineálacha nua oibre, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí gach oibrí a dhreasú chun páirt a ghlacadh i mbearta oiliúna chun coinneáil suas le riachtanais scileanna atá ag athrú in earnáil an iompair. Chun go mbeidh an claochlú digiteach cuimsitheach, ba cheart rochtain a bheith ag gach grúpa lena

---

27 https://etendering.ted.europa.eu/cft/cft-display.html?cftId=8079

28 ECFE, *Policy brief: Harnessing digitalisation in Public Employment Services to connect people with jobs*, 2022, https://www.oecd.org/employment/activation.htm.

29 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – Digital Education Action Plan 2021-2027 – Resetting education and training for the digital age* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – An t-oideachas agus an oiliúint a athshocrú don aois dhigiteach] (COM/2020/624 final).

30 https://pact-for-skills.ec.europa.eu/index_ga

mbaineann rioscaí níos airde eisiaimh, go háirithe daoine faoi mhíchumas, ar oiliúint maidir le hábhair dhigiteacha.

(23) Is féidir le tréimhsí gearra oiliúna a bheith ina réiteach chun an lucht saothair a spreagadh a bheith rannpháirteach i mbearta oiliúna, agus chun go dtacóidh fhostóirí leis an rannpháirtíocht sin. Sa Mholadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht[31], iarrtar ar na Ballstáit creataí dlíthiúla a chur i bhfeidhm lena n-éascófar taifid ar thorthaí foghlama (mar shampla teastas nó dámhachtain) ó thaithí bheag foghlama (mar shampla gearrchúrsaí ar líne).

(24) Is féidir le scéimeanna amhail cuntais foghlama aonair[32] agus creat cumasúcháin, lena n-áirítear deiseanna treorach agus bailíochtaithe, glacadh éifeachtach na hoiliúna in earnáil an iompair a chur chun cinn.

(25) Sonraítear i rialacha an Aontais maidir le cáiliú agus oiliúint tiománaithe bus agus trucailí[33] go gcuirfidh na hábhair a bheidh le cumhdach san oiliúint thréimhsiúil forbairtí teicneolaíocha san áireamh. Leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar an Treoir maidir le Tiománaithe Traenach[34], tá sé beartaithe oiliúint agus deimhniú tiománaithe a ailíniú níos fearr leis an bhféidearthacht agus leis na riachtanais a bhaineann le claochlú digitiú na n-iarnród agus é a dhéanamh níos éasca do thiománaithe traenach oibriú ar bhonn trasteorann.

(26) Ar thaobh amháin, tá coinne leis go gcuirfidh an t-uathoibriú agus an claochlú digiteach feabhas ar dhálaí oibre in earnáil an iompair, go gcuirfear leibhéil sábháilteachta níos airde agus solúbthacht mhéadaithe ar fáil (mar shampla obair pháirtaimseartha), agus go gcuirfear deireadh le go leor cúraimí leadránacha agus cúraimí atá deacair go fisiciúil. D'fhéadfadh sé sin an earnáil a dhéanamh níos tarraingtí ar an iomlán, agus go háirithe d'oibrithe mná agus do ghrúpaí oibrithe faoi ghannionadaíocht, mar shampla, grúpaí atá i mbaol níos airde eisiaimh, oibrithe óga agus oibrithe faoi mhíchumas. Ar an taobh eile, tá baol ann go mbeidh leibhéil struis níos airde ann[35] do roinnt oibrithe mar gheall ar bhraistint go bhfuiltear faoi fhaireachán agus faireachas leanúnach, lena n-áirítear trí uirlisí um bhainistiú de réir algartam[36] nó IS i gcoitinne.

(27) Tá sé d'aidhm ag an Aontas intleacht shaorga iontaofa a fhorbairt lena dtabharfar tús áite do dhaoine. Chun na críche sin, tá trí thionscnamh dlí idirghaolmhara molta ag an gCoimisiún, lena n-áirítear togra maidir le creat rialála (an Gníomh um an Intleacht

31 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht 2022/C 243/02 (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

32 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair 2022/C 243/03 (IO C 243, 27.6.2022, lch. 26).

33 Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le cáilíocht tosaigh agus le hoiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthar i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí (códú) (IO L 330, 23.12.2022, lch. 46).

34 Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill fhéinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail (IO L 315, 3.12.2007, lch. 51).

35 Eurofound (2020), *Employee monitoring and surveillance: The challenges of digitalisation* [Faireachán agus faireachas ar fhostaithe: Dúshláin an chlaochlaithe dhigitigh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

36 https://www.eurofound.europa.eu/observatories/eurwork/industrial-relations-dictionary/algorithmic-management

Shaorga)[37] chun ceanglais agus oibleagáidí soiléire a chur ar fáil do sholáthraithe agus d'úsáideoirí intleachta saorga maidir le húsáidí sonracha IS lena mbaineann rioscaí do shábháilteacht agus do chearta bunúsacha daoine, lena n-áirítear cearta oibrithe[38]. An tráth céanna, féachann an togra maidir le creat rialála le hualaí riaracháin agus airgeadais a laghdú do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna, agus leis an nuálaíocht a chothú. Tá a fís leagtha amach ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an intleacht shaorga san eitlíocht, bunaithe ar chur chuige duinelárnach[39].

(28) I measc na dtograí ón gCoimisiún chun feabhas a chur ar dhálaí oibre na ndaoine atá ag obair trí ardáin saothair dhigiteacha, tá bearta chun stádas fostaíochta na ndaoine sin a chinneadh i gceart[40], rud a bheidh ábhartha maidir le rothaithe seachadta agus tiománaithe taistil ar ordú. Tá sé d'aidhm ag an Treoir atá beartaithe[41] freisin trédhearcacht a mhéadú maidir le húsáid algartam ag ardáin saothair dhigiteacha, lena n-áirithítear faireachán daonna ar an urraim a thugann siad do dhálaí oibre agus lena dtugtar an ceart chun cinntí uathoibrithe a chonspóid. Ba cheart na cearta nua sin a dheonú d'oibrithe agus do dhaoine atá féinfhostaithe i ndáiríre. Tugtar soiléiriú sna Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais ar chomhaontuithe comhchoiteanna[42] cathain is féidir le daoine áirithe féinfhostaithe teacht le chéile chun dul i mbun caibidlíochta i dteannta a chéile maidir le dálaí oibre níos fearr gan rialacha iomaíochta an Aontais a shárú.

(29) Cuidíonn an chaibidlíocht idir eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí agus ar oibrithe (comhpháirtithe sóisialta) trí idirphlé sóisialta agus cómhargáil chun dálaí oibre a fheabhsú. I bhfianaise na héagsúlachta i méid agus i gcáilíocht rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ar fud na dtíortha agus i bhfianaise chumhdach éagothrom na n-oibrithe trí chomhaontuithe cómhargála, tá tionscnamh[43] curtha i láthair ag an gCoimisiún chun an t-idirphlé sóisialta a neartú agus a chur chun cinn a thuilleadh le gníomhaíochtaí coincréiteacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. An

[37] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais (COM/2021/206 final).

[38] Aicmítear mar chórais ardriosca sa togra 'Córais intleachta saorga a úsáidtear i bhfostaíocht, bainistíocht fostaithe agus rochtain ar an bhféinfhostaíocht, go sonrach maidir le daoine a earcú agus a roghnú, maidir le cinntí a dhéanamh i dtaca le hardú céime agus foirceannadh agus maidir le sannadh cúraimí, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhaoine i gcaidrimh chonarthacha a bhaineann leis an obair' ós rud é go bhféadfaidís mórthionchar a bheith acu ar dheiseanna gairme agus slite beatha na ndaoine sin amach anseo.

[39] https://www.easa.europa.eu/en/domains/research-innovation/ai

[40] Iad siúd a aithnítear mar oibrithe, mar thoradh ar a stádas fostaíochta a chinneadh i gceart, beidh dálaí oibre feabhsaithe acu – lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, cosaint fostaíochta, pá íosta reachtúil nó caibidlithe agus rochtain ar dheiseanna oiliúna – agus rochtain ar chosaint shóisialta de réir na rialacha náisiúnta.

[41] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin, (COM/2021/762 final).

[42] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte um chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais maidir le comhaontuithe cómhargála i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair 2022/C 374/02 (IO C 374, 30.9.2022, lch. 2).

[43] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (COM/2023/38 final); Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú (COM/2023/40 final).

12 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle moladh maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach[44], ina leagtar amach roinnt bealaí trína bhféadfadh na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a threisiú ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear trí ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartais, trí thairbhí an idirphlé shóisialta a chur chun cinn, agus trí acmhainneacht na gceardchumann agus eagraíochtaí na bhfostóirí a neartú.

(30) De réir Choinbhinsiún 135 d'Ionadaithe Oibrithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, arna dhaingniú faoi láthair ag 24 Bhallstát, is féidir le hionadaithe oibrithe a bheith ina ndaoine a aithnítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta nó faoin gcleachtas náisiúnta, bíodh siad ina n-ionadaithe ceardchumainn, is iad sin, ionadaithe arna n-ainmniú nó arna dtoghadh ag ceardchumainn nó ag comhaltaí de na ceardchumainn sin; nó ina n-ionadaithe tofa, is é sin ionadaithe a rinne oibrithe an ghnóthais a thoghadh faoi shaoirse i gcomhréir le forálacha na ndlíthe náisiúnta nó na rialachán náisiúnta nó le forálacha comhaontuithe cómhargála agus nach n-áirítear ina bhfeidhmeanna gníomhaíochtaí a aithnítear mar shaincheart eisiach na gceardchumann sa tír lena mbaineann. I gcás inarb ann d'ionadaithe ceardchumainn agus d'ionadaithe tofa araon sa ghnóthas céanna, níor cheart an ionadaíocht sin a úsáid chun an bonn a bhaint de sheasamh na gceardchumann lena mbaineann ná dá n-ionadaithe. Ba cheart comhar idir na hionadaithe tofa agus na ceardchumainn lena mbaineann nó a n-ionadaithe a spreagadh.

(31) Áirítear sa staidéar a rinne an Coimisiún ar ghnéithe sóisialta laistigh d'earnáil an mhuiriompair[45] moltaí agus tionscnaimh a d'fhéadfadh cur le dálaí leormhaithe oibre agus maireachtála a áirithiú do mharaithe, lena n-áirítear chun oideachas agus oiliúint mhuirí a nuachóiriú chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh. Sa staidéar ar an Rialtóir Aerthráchta (ATCO) agus ar Fhoireann Innealtóireachta (ATSEP)[46], tugtar forbhreathnú ar shaincheisteanna daonna agus sóisialta agus ar dhálaí oibre atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo mar atá léirithe ag ATCOanna agus ATSEPanna i mBallstáit an Aontais.

(32) Beidh tionchar ag an uathoibriú agus ag an gclaochlú digiteach ar gach modh iompair, bíodh sin ag soithí nó feithiclí uathoibrithe nó ag próisis dhigitithe. Cuireann meascán d'easpa feasachta, easpa tuisceana ar riachtanais nua agus eagla gan a bheith in ann déileáil le hathrú leis an sceipteachas agus uaireanta leis an gcur in aghaidh an athraithe in earnáil an iompair. Sa chomhthéacs sin, bhainfeadh earnáil an iompair tairbhe as bealaí a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme chun an t-athrú sin a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Áirítear le bainistiú athruithe modhanna agus bealaí ina ndéanann cuideachta cur síos ar athruithe agus iad a chur chun feidhme laistigh dá

---

44 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=consil%3AST_10542_2023_INIT

45 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Study on social aspects within the maritime transport sector:: final report* [Staidéar ar ghnéithe sóisialta laistigh d'earnáil an mhuiriompair: an tuarascáil deiridh], Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/a14413d7-bf30-11ea-901b-01aa75ed71a1/language-en.

46 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Dhondt, S., Oprins, E., Zon, R., et al., *Study on Air Traffic Controller (ATCO) and Engineering Staff (ATSEP) social issues and working conditions: final report* [Staidéar ar shaincheisteanna sóisialta agus dálaí oibre Rialtóirí Aertráchta (ATCO) agus Foirne Innealtóireachta (ATSEP): an tuarascáil deiridh], Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/4e578c40-8b8a-11eb-b85c-01aa75ed71a1/language-en.

phróisis inmheánacha agus sheachtracha araon chun aistriú cuiditheach agus tairbhiúil i dtreo an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh a áirithiú.

(33) I gcomhréir le Prionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear 'go bhfuil sé de cheart ag oibrithe nó ag a n-ionadaithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo in am trátha maidir le hábhair atá ábhartha dóibh, go háirithe maidir le haistriú, athstruchtúrú agus cumasc gnóthas agus maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna', ba cheart pleananna um bhainistiú athruithe a cheapadh ar bhealach rannpháirteach agus i ndlúthchomhar le hionadaithe na n-oibrithe.

(34) Tá ról lárnach ag an idirphlé sóisialta freisin maidir le dul in oiriúint don saol oibre atá ag athrú. Is sampla é Creat-Chomhaontú 2020 maidir leis an Digiteáil[47], arna thabhairt i gcrích ag comhpháirtithe sóisialta trastionscail na hEorpa, de thoilteanas na gcomhpháirtithe sóisialta an todhchaí a mhúnlú le chéile. Ar an gcaoi chéanna, rinne comhpháirtithe sóisialta earnálacha na hEorpa in earnáil an iompair tionscadail chomhpháirteacha éagsúla maidir le huathoibriú agus leis an gclaochlú digiteach, lena n-áirítear moltaí comhpháirteacha dá gcleamhnaithe.

(35) Sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, tá acmhainní airgeadais leordhóthanacha fíor-riachtanach chun bearta a chur chun feidhme chun aistriú rianúil chuig an uathoibriú agus an claochlú digiteach a áirithiú don lucht saothair iompair. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh oibrithe in ann dul in oiriúint do riachtanais scileanna atá ag athrú. Mar sin féin, is minic a mheasann fostóirí gur costasach í an oiliúint, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhacainn dóibh oiliúint agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur ar fáil. Mura bhfuil cistiú leordhóthanach tiomnaithe chun tacú le hoiliúint agus le foghlaim ar feadh an tsaoil d'oibrithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh a gcuid scileanna ag teacht a thuilleadh lena riachtanais phoist, rud a mhéadódh ganntanais lucht saothair a thuilleadh.

(36) Ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, tá deiseanna cistiúcháin éagsúla ann le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú chun tacú leis an aistriú chuig an uathoibriú agus an claochlú digiteach. Mar sin féin, is minic nach mbíonn na daoine sin a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as na hionstraimí sin ar an eolas go bhfuil siad ann nó nach bhfuil a fhios acu conas rochtain a fháil orthu. Ba cheart, dá bhrí sin, faisnéis maidir le cistí ábhartha a chur chun cinn a thuilleadh.

(37) Iarrtar ar pháirtithe leasmhara iompair Eorpacha agus náisiúnta – lena n-áirítear fostóirí, oibrithe, soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhlachais earnála, agus na comhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas á urramú acu – eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht do gach grúpa oibrithe, go háirithe grúpaí atá i mbaol níos mó eisiaimh ó mhargadh an tsaothair, agus lucht ceaptha beartas agus údaráis phoiblí ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, na modhanna seo a leanas a mheas agus a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh ar an lucht saothair iompair, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann le feasacht a ardú, uas-sciliú agus athsciliú, dálaí oibre a fheabhsú, athrú a bhainistiú, agus cistiú,

[47] https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=521&langId=en&agreementId=5665

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## 1. FEASACHT A ARDÚ

1. Ba cheart d’**fhostóirí** in earnáil an iompair a bheith ar an eolas faoi thionchar an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh chun iad féin – agus a lucht saothair – a ullmhú le haghaidh todhchaí lena n-áirítear an t-uathoibriú agus an claochlú digiteach ar bhealach cothrom cóir.

   Is éard atá i gceist leis sin na forbairtí uathoibrithe agus claochlaithe dhigitigh is déanaí a leanúint go rialta, lena n-áirítear a dtionchar ar oibríochtaí agus ar chaipiteal daonna san iompar. Ós rud é gurb í an trédhearcacht an chéad ghné den fheasacht, d’fhéadfadh cuideachtaí aonair smaoineamh ar straitéis shoiléir a ghlacadh ina sonraítear tionchar an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh ar a lucht saothair.

   I gcás ina bhfuil acmhainní nó acmhainneacht teoranta ag cuideachtaí iad féin a choinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí ábhartha san iompar, ba cheart do chuideachtaí tacaíocht iomchuí a lorg óna n-eagraíochtaí fostóirí nó óna gcomhlachais earnála féin ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais.

2. Ba cheart ról gníomhach a bheith ag **eagraíochtaí fostóirí** maidir le faisnéis ábhartha a chur ar fáil dá gcleamhnaithe maidir le tionchar sóisialta an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh.

   Ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar fheasacht a mhúscailt i measc FBManna in earnáil an iompair, ar minic nach mbíonn ach acmhainní nó acmhainneacht theoranta acu chun iad féin a choinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí ábhartha an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh. D’fhonn tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil dá gcleamhnaithe, d’fhéadfadh eagraíochtaí fostóirí, mar shampla, measúnú riachtanas a dhéanamh i measc a gcomhaltaí, nó tionchar sóisialta na n-athruithe a bhfuil coinne leo i gcúrsaí iompair a chur san áireamh i liosta na míreanna caighdeánacha ar an gclár oibre ina gcruinnithe ábhartha.

3. Ba cheart d’**oibrithe** in earnáil an iompair a bheith ar an eolas faoin tionchar a mheastar a bheidh ag an uathoibriú agus ag an gclaochlú digiteach ar a gcuid oibre chun iad féin a ullmhú dá ngairmeacha amach anseo agus chun leanúint de bheith infhostaithe.

   D’fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin, mar shampla, faisnéis ábhartha a lorg ó ionadaithe oibrithe nó óna lucht bainistíochta, nó páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna tiomnaithe.

4. Ba cheart ról gníomhach a bheith ag **ionadaithe oibrithe** i ndáil le feasacht an lucht saothair iompair a ardú maidir le tionchar an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh ar a gcuid oibre.

   Ba cheart faisnéis ábhartha a sholáthar ar na leibhéil iomchuí, mar shampla, ba cheart d’ionadaithe oibrithe sa ghnóthas faisnéis a sholáthar d’oibrithe an ghnóthais; ba cheart do cheardchumainn earnála nó náisiúnta faisnéis a sholáthar dá gcleamhnaithe faoi seach; agus ba cheart d’eagraíochtaí oibrithe ar an leibhéal Eorpach faisnéis a sholáthar dá gcleamhnaithe náisiúnta.

   Chun tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil don lucht saothair agus chun teagmháil a dhéanamh leis na hoibrithe uile, lena n-áirítear grúpaí áirithe atá faoi ghannionadaíocht, mar shampla, oibrithe faoi mhíchumas agus oibrithe de bhunadh

imirceach, in idirphlé maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag an uathoibriú agus ag an gclaochlú digiteach ar a gcuid oibre, d'fhéadfadh ionadaithe oibrithe, mar shampla, pacáistí faisnéise a thiomsú, roinn ar shuíomh gréasáin a chruthú, nó imeachtaí oiliúna tiomnaithe a eagrú. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar chumarsáid spriocdhírithe le grúpaí sonracha oibrithe, mar shampla oibrithe a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua.

5. Iarrtar ar na **comhpháirtithe sóisialta** in earnáil an iompair rannchuidiú go comhpháirteach le feasacht a mhúscailt i measc fostóirí agus oibrithe agus a n-ionadaithe le cur chuige comhpháirtíochta.

Leis an idirphlé idir an dá thaobh den tionscal, mar shampla faoi chuimsiú próiseas cómhargála ar leibhéal na cuideachta, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal earnála, féadfar comhthuiscint a chothú maidir leis na saincheisteanna atá i gceist – lena n-áirítear sainmhínithe ar théarmaí ábhartha – agus ar an gcaoi sin rannchuideofar le feasacht a mhúscailt maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag an uathoibriú agus ag an gclaochlú digiteach ar an lucht saothair.

I gcás nach bhfuil sé déanta cheana féin, iarrtar ar na comhpháirtithe sóisialta atá rannpháirteach sna coistí um idirphlé sóisialta earnála iompair ar an leibhéal Eorpach aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar thionchar sóisialta an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh.

Iarrtar ar na comhpháirtithe sóisialta earnála ar an leibhéal Eorpach a gcuid moltaí ábhartha a scaipeadh go forleathan, ar a gcleamhnaithe agus ar a macasamhlacha i gcodanna eile den earnáil iompair araon, mar shampla, na Moltaí Comhpháirteacha maidir leis an gClaochlú Digiteach agus an tIdirphlé Sóisialta in Iompar Poiblí Uirbeach san Eoraip[48], na torthaí ón tionscadal a chomhchistigh an tAontas maidir le hInfhostaitheacht san Earnáil Iarnróid i bhFianaise an Chlaochlaithe Dhigitigh agus an Uathoibrithe[49], agus na moltaí ó thionscadal WESS a chomhchistigh an tAontas (Ag rannchuidiú le Timpeallacht Oibre atá Tarraingteach, Cliste agus Inbhuanaithe in Earnáil na Loingseoireachta)[50].

6. Ba cheart do **lucht ceaptha beartas** ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach an t-idirphlé atá ar bun acu cheana le páirtithe leasmhara iompair a úsáid chun feasacht a mhúscailt maidir le tionchar sóisialta an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh. Ba cheart na hardáin atá ag páirtithe leasmhara cheana a úsáid chun faisnéis ábhartha a sholáthar maidir le tionchar sóisialta an aistrithe, faisnéis ar féidir le páirtithe leasmhara í a chur ar aghaidh ansin chuig a gcleamhnaithe.

D'fhéadfadh lucht ceaptha beartas, mar shampla, tionchar sóisialta na n-athruithe a bhfuil coinne leo ar chúrsaí iompar a áireamh, mar aon le bealaí féideartha chun aghaidh a thabhairt orthu, ar liosta na míreanna caighdeánacha ar an gclár oibre dá gcruinnithe ábhartha le páirtithe leasmhara iompair, agus cuireadh a thabhairt do shaineolaithe ábhartha. Más iomchuí, d'fhéadfadh lucht ceaptha beartas cruinnithe faisnéise sonracha a eagrú do na comhpháirtithe sóisialta in earnáil an iompair.

7. Ba cheart ról gníomhach a bheith ag **comhlachais earnála** (mar shampla, comhlachais ghnó agus comhlachais tráchtála) agus ag **eagraíochtaí na sochaí**

48 https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=521&langId=en&agreementId=5730
49 https://www.etf-europe.org/resource/employability-in-the-rail-sector-in-light-of-digitalisation-and-automation-eda-rail/
50 https://wessproject.eu/digitalisation/

**sibhialta** a dhéanann ionadaíocht do gach grúpa oibrithe, go háirithe grúpaí atá i mbaol níos mó eisiaimh ó mhargadh an tsaothair (mar shampla, oibrithe faoi mhíchumas agus oibrithe de bhunadh imirceach), chun feasacht a mhúscailt maidir leis an tionchar sóisialta agus na deiseanna a bhaineann leis an uathoibriú agus leis an gclaochlú digiteach, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i bhfeachtais feasachta agus trí thrédhearcacht a mhéadú maidir leis na costais a bhaineann le neamh-réamhaíocht agus neamhbhainistiú ar athrú.

## 2. UAS-SCILIÚ AGUS ATHSCILIÚ

8. Ba cheart **d'fhostóirí, d'oibrithe, agus d'údaráis phoiblí** ar leibhéil éagsúla oibriú le chéile – lena n-áirítear leis na comhpháirtithe sóisialta – chun bearnaí scileanna agus riachtanais scileanna amach anseo a bhaineann leis an uathoibriú agus leis an gclaochlú digiteach san earnáil iompair ina hiomláine nó i gcuideachta, modh iompair nó gairm ar leith a mheasúnú agus a shainaithint.

Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh leas a bhaint as na huirlisí atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach agus an scéal fúthu a scaipeadh, mar shampla:

- Uirlisí faisnéise scileanna[51] an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) lena gcuirtear fianaise ar fáil maidir le scileanna agus treochtaí i margadh an tsaothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Áirítear orthu sin Skills-OVATE a thairgeann faisnéis mhionsonraithe ar na poist agus na scileanna a éilíonn fostóirí ag baint úsáid as teicneolaíocht mhórshonraí ar fhógraí poist ar líne.
- An Uirlis um Measúnú Scileanna Digiteacha[52], uirlis féinmheasúnúcháin a ligeann do dhaoine a scileanna digiteacha a thástáil agus rochtain a fháil ar dheiseanna oiliúna atá oiriúnach dá riachtanais.
- Treoirleabhair Cedefop maidir le 'An t-athrú teicneolaíochta agus riachtanais scileanna a thuiscint', arb é is aidhm dóibh anailísithe agus lucht ceaptha beartas a chur ar an eolas faoi mhodhanna réamhaíochta scileanna atá ar fáil agus a úsáidtear chun dul i ngleic le héiginnteacht na dteicneolaíochtaí agus na n-éileamh ar scileanna atá ag athrú. Mar shampla, cuireann an chéad treoirleabhar praiticiúil[53] eolas úsáideach ar fáil maidir le suirbhéanna ar scileanna fostóirí agus fostaithe.

---

51 Áirítear sa roinn 'iompar agus stóráil' (https://www.cedefop.europa.eu/en/tools/skills-intelligence/sectors?sector=04.08) gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar paisinéirí nó lasta d'iarnród, de phíblíne, de bhóthar, d'uisce nó d'aer, agus gníomhaíochtaí gaolmhara, mar shampla, saoráidí críochfoirt agus páirceála, láimhseáil lasta, stóráil etc. Cuirtear san áireamh freisin trealamh iompair le tiománaí nó oibritheoir a fháil ar cíos, agus gníomhaíochtaí poist agus cúiréireachta.

52 Bunaithe ar an gCreat Inniúlachta Digití, cumhdaíonn an triail saor in aisce seo (https://digital-skills-jobs.europa.eu/en/digital-skills-assessment litearthacht faisnéise agus sonraí, cumarsáid agus comhoibriú, cruthú ábhair dhigitigh, sábháilteacht agus réiteach fadhbanna.

53 Cedefop, *Understanding technological change and skill needs: skills surveys and skills forecasting* [An t-athrú teicneolaíochta agus riachtanais scileanna a thuiscint: suirbhéanna ar scileanna agus réamhaisnéis scileanna], Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/5b2a63d0-9d93-11eb-b85c-01aa75ed71a1. Dírítear sa dara treoirleabhar praiticiúil (https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/bf485068-9d94-11eb-b85c-01aa75ed71a1/language-en) ar mhodhanna uathoibrithe faisnéise scileanna: mórshonraí agus anailísí faoi stiúir na hintleachta saorga, agus díríonn an tríú treoirleabhar praiticiúil ar mhodhanna

9. Iarrtar ar **gheallsealbhóirí iompair** – lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta – cuir chuige straitéiseacha agus comhar a chruthú le haghaidh réitigh choincréiteacha forbartha scileanna san earnáil iompair ina hiomláine nó i modh iompair ar leith, agus béim ar leith á leagan ar scileanna digiteacha.

Mar shampla, iarrtar ar na modhanna iompair sin nach bhfuil ag gabháil do chomhpháirtíochtaí den sórt sin go fóill inspioráid a fháil ó na Treoirphleananna leanúnacha um chomhar earnála maidir le scileanna i loingseoireacht mhuirí (SKILLSEA)[54] agus i dtionscail soláthair agus iompair iarnróid (STAFFER)[55], chomh maith leis an gComhaontas Scileanna in Earnáil na nGluaisteán[56], chun iad féin a ullmhú d'athruithe atá ag tarlú faoi láthair agus d'athruithe a bheidh ann amach anseo.

Thairis sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara iompair rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe um Scileanna, mar shampla trí chomhpháirtíocht mórscála amháin nó níos mó a bhunú maidir le scileanna sna héiceachórais a bhaineann le hiompar a shainaithnítear sa straitéis thionsclaíoch don Eoraip[57]. Tá rochtain ag comhaltaí an Chomhshocraithe ar eolas ar riachtanais uas-scilithe agus athscilithe, ar chomhairle maidir le hionstraimí cistiúcháin ábhartha chun borradh a chur faoi scileanna daoine fásta ina réigiúin agus ina dtíortha, agus ar dheiseanna comhpháirtíochta.

D'fhéadfaí úsáid micridhintiúr mar bhealach spriocdhírithe chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú a fhiosrú freisin, ag leanúint an chur chuige Eorpaigh maidir le micridhintiúir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht mar a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022[58].

10. Bunaithe ar mheasúnuithe ar riachtanais scileanna, iarrtar ar **gheallsealbhóirí iompair** – lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta – agus ar **sholáthraithe oideachais agus oiliúna** ábhartha cláir oiliúna tosaigh agus leanúnacha leormhaithe a dhearadh agus a eagrú, lena n-áirítear micridhintiúir, agus ábhar.

Ba cheart cláir oiliúna a cheapadh ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de, agus ba cheart go rannchuideoidís freisin le hinfhostaitheacht an lucht saothair iompair a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, agus i bhfianaise na n-athruithe a bhfuil coinne leo ar phróifílí poist nó ar chúraimí san earnáil iompair i margadh saothair atá ag athrú. Mar shampla, áirítear le hobair ábhartha ar an leibhéal Eorpach measúnú a dhéanamh ar na ranganna athnuachana atá ann faoi láthair i réimse na n-uiscebhealaí intíre i gcoitinne agus go sonrach le haghaidh oibriú soithí uathoibrithe[59], sin agus comparáid a dhéanamh idir córais ghairmoiliúna chun aghaidh a thabhairt ar na

---

fadbhreathnaitheachta teicneolaíochta agus scileanna (https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/0b7b42e5-9d94-11eb-b85c-01aa75ed71a1/language-en).

54 https://www.skillsea.eu/

55 https://www.railstaffer.eu/

56 https://automotive-skills-alliance.eu/

57 Cuimsítear san éiceachóras soghluaisteachta – iompair – longa mótarfheithiclí a tháirgeadh agus traenacha mótarfheithiclí agus a ngabhálais, an deisiúchán agus an chothabháil, chomh maith le hiompar. Cuimsítear san éiceachóras turasóireachta soláthraithe cóiríochta, oibritheoirí taistil, fáilteachas, agus iompar.

58 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht 2022/C 243/02 (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

59 https://platina3.eu/classes-for-automated-vessel-operation/

hathruithe ar obair chalafoirt[60]. Ba cheart cláir oiliúna a cheapadh freisin agus aird chuí á tabhairt ar chuimsitheacht agus inrochtaineacht a áirithiú, lena n-áirítear an méadú atá ag teacht ar líon na n-oibrithe scothaosta nó na n-oibrithe faoi mhíchumas a chur san áireamh.

11. Ba cheart d'**fhostóirí** in earnáil an iompair uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn ina gcuideachta, bearta oiliúna ábhartha (mar shampla micridhintiúir) a dhéanamh inrochtana dá lucht saothair, agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i mbearta oiliúna lena dtugtar aghaidh ar a riachtanais shonracha scileanna.

Ba cheart rochtain ar oiliúint a dheonú i gcomhréir leis an reachtaíocht agus le comhaontuithe cómhargála agus do gach grúpa oibrithe. D'fhéadfaí cleachtais bhreise uas-scilithe agus athscilithe a mheas freisin, mar shampla, oibrithe óga agus oibre scothaosta a phéireáil laistigh de chuideachta iompair chun aistriú frithpháirteach saineolais agus scileanna a éascú.

12. Ba cheart d'**oibrithe** san earnáil iompair a bheith oscailte chun páirt a ghlacadh i measúnuithe scileanna, agus ina dhiaidh sin i mbearta oiliúna lena dtugtar aghaidh ar a riachtanais shonracha scileanna. Ag brath ar a slí bheatha ghairmiúil agus i bhfianaise na n-athruithe a bhfuil coinne leo ó thaobh próifílí poist nó cúraimí in earnáil an iompair de, ba cheart dóibh iad féin a mheas ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de chun a n-infhostaitheacht a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

13. Ba cheart **do lucht ceaptha beartas agus d'údaráis phoiblí** ar an leibhéal náisiúnta tacú le tionscnaimh ábhartha de chuid an Aontais a chur chun feidhme chun an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí faoin gClár Oibre Scileanna don Eoraip, agus líonraí ábhartha a chur chun cinn, mar shampla, an Comhshocrú um Scileanna agus an Chomhghuaillíocht Scileanna agus Poist Dhigiteacha[61], chomh maith le faisnéis faoi dheiseanna cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais.

## 3. DÁLAÍ OIBRE A FHEABHSÚ

14. Iarrtar ar na **comhpháirtithe sóisialta** san earnáil iompair rannchuidiú le feabhas a chur ar dhálaí oibre i gcomhthéacs an aistrithe chuig an uathoibriú agus an claochlú digiteach.

I gcás nach bhfuil sé déanta acu cheana, iarrtar orthu forálacha tiomnaithe maidir leis an uathoibriú agus leis an gclaochlú digiteach a ionchorprú ina gcomhaontuithe cómhargála ar leibhéal na cuideachta, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na hearnála. Agus inspioráid a ghlacadh ó chomhaontuithe cómhargála iompair atá ann cheana[62], iarrtar ar na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an

---

60 Tionscadal cóchistithe ag an Aontas '*Ports and Skills: compare vocational training systems to address the port work changes*', https://erasmus-plus.ec.europa.eu/projects/search/details/2019-1-IT01-KA202-007778.

61 https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/digital-skills-coalition

62 Féach, mar shampla, an forbhreathnú ar chomhaontuithe cómhargála earnála maidir leis na himpleachtaí sóisialta a bhaineann leis an uathoibriú agus/nó leis an gclaochlú digiteach a sainaithníodh in: An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Study on the social dimension of the transition to automation and digitalisation in transport, focusing on the labour force: final report* [Staidéar ar an ngné shóisialta den aistriú chuig an uathoibriú agus chuig an gclaochlú digiteach san iompar, ag díriú ar an lucht saothair: an tuarascáil deiridh], Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/476d738a-404c-11ec-89db-01aa75ed71a1/language-en. Is féidir teacht ar shamplaí dea-chleachtais ó earnálacha eile sna doiciméid

leibhéal Eorpach samplaí dea-chleachtais de na forálacha tiomnaithe sin a shainaithint go comhpháirteach maidir le gach modh iompair agus iad a roinnt lena gcleamhnaithe féin.

15. I bhfianaise an róil thábhachtaigh atá ag an idirphlé sóisialta maidir le haistrithe eacnamaíocha a mhúnlú agus nuálaíocht san ionad oibre a chothú, agus éagsúlacht an chumhdaigh chómhargála ar fud earnálacha agus tíortha á cur san áireamh[63], ba cheart do **lucht ceaptha beartas** ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach na dálaí a spreagadh agus a chruthú chun feabhas a chur ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht na cómhargála agus an idirphlé shóisialta.

## 4. AN T-ATHRÚ A BHAINISTIÚ

16. Ba cheart d'**fhostóirí** in earnáil an iompair pleananna um bainistiú athruithe a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme ar leibhéal na cuideachta chun an t-aistriú chuig an uathoibriú agus chuig an gclaochlú digiteach a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach agus rannpháirteach agus chun meon dearfach an lucht saothair maidir le hathrú a dhreasú agus a chur chun cinn. Ba cheart na pleananna um bainistiú athruithe a fhorbairt i ndlúthchomhar le hionadaithe oibrithe. Ba cheart forálacha a áireamh sna pleananna maidir le meastóireacht, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a modhanna um bainistiú athruithe agus ar a mbealaí.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart d'fhostóirí cloí leis na prionsabail agus na dea-chleachtais a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú[64].

17. Ba cheart ról gníomhach a bheith ag **eagraíochtaí fostóirí** maidir leis an ngá atá le bainistiú athruithe agus leis an bhfiúntas a bhaineann leis a chur chun cinn dá gcleamhnaithe agus maidir le tacú leis an ngá agus leis an bhfiúntas sin. Ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar riachtanais FBManna in earnáil an iompair, ar minic nach mbíonn ach acmhainní nó acmhainneacht theoranta acu chun a bpleananna féin um bainistiú athruithe a chur ar bun.

Chun tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil dá gcleamhnaithe, ba cheart d'eagraíochtaí fostóirí dea-chleachtais a roinnt maidir le pleananna um bainistiú athruithe a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme.

---

seo a leanas: Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais, Bednorz, J., Sadauskaitė, A., Czarzasty, J., et al., *Unionisation and the twin transition: good practices in collective action and employee involvement* [Ceardchumannú agus an dá aistriú: dea-chleachtais maidir le gníomhaíocht chomhchoiteann agus rannpháirtíocht fostaithe], Parlaimint na hEorpa, 2022, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/11eeb661-33d9-11ed-8b77-01aa75ed71a1/language-en.

63 Eurofound, *Collective agreements and bargaining coverage in the EU: A mapping of types, regulations and first findings from the European Company Survey 2019* [Comhaontuithe cómhargála agus cumhdach cómhargála san Aontas: Mapáil ar chineálacha, ar rialacháin agus ar na chéad torthaí ó Shuirbhé Eorpach ar Chuideachtaí 2019], páipéar oibre Eurofound, Baile Átha Cliath, 2020.

64 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – EU Quality Framework for anticipation of change and restructuring* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú] (COM/2013/0882 final).

18. Ba cheart ról gníomhach a bheith ag **ionadaithe oibrithe** i bpleananna um bainistiú athruithe a fhorbairt ar leibhéal na cuideachta, chun freagairt do riachtanais shonracha an lucht saothair agus chun a áirithiú go mbeidh gach grúpa oibrithe rannpháirteach. Tá sé sin ábhartha go háirithe chun cuimsiú digiteach lucht saothair na hearnála iompair atá ag dul in aois a chothú.

19. Ba cheart **do lucht ceaptha beartas agus d'údaráis phoiblí** a bheith ag gabháil le bainistiú athruithe agus tacú le Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú, é a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm leathan a chur chun cinn.

## 5. CISTIÚ

20. Iarrtar ar **pháirtithe leasmhara iompair** – lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta – úsáid a bhaint as cláir nó cistí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus as cláir nó cistí de chuid an Aontais chun tionchar sóisialta an uathoibrithe agus an chlaochlaithe dhigitigh a bhainistiú, agus aird chuí á tabhairt ar chuimsitheacht agus inrochtaineacht a áirithiú do gach oibrí, go háirithe oibrithe a bhfuil rioscaí níos airde eisiaimh ag baint leo.

Samplaí de chláir nó de chistí náisiúnta[65] is ea cistí oiliúna, cistí earnála, cuntais foghlama aonair agus dearbháin. Ar leibhéal an Aontais, tá réimse ionstraimí cistiúcháin ann le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú, ar féidir rochtain a fháil orthu trí idirghabhálaithe airgeadais, trí údaráis náisiúnta nó tríd an gCoimisiún. Tá forbhreathnú ar na cláir nó ar na cistí atá i gceist, ar an bpróiseas iarratais, ar an raon feidhme maidir le scileanna, agus ar an mbuiséad iomlán do 2021-2027, le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[66]. Áirítear i Mol Eolais[67] an Chomhshocraithe Eorpaigh um Scileanna bunachar sonraí ar líne agus uirlis chuardaigh le haghaidh deiseanna cistiúcháin ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach a bhaineann go sonrach le huas-sciliú agus le hathsciliú. Is féidir teacht ar dheiseanna cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú chun tacú le hinniúlachtaí digiteacha daoine aonair agus eagraíochtaí ar an Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha[68]. Ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart faisnéis maidir le cláir/cistí ábhartha a chur ar fáil don phobal freisin.

21. Ba cheart **d'eagraíochtaí fostóirí agus d'ionadaithe oibrithe** cuidiú le feasacht a gcleamhnaithe a mhúscailt maidir leis na cláir nó na cistí sin agus maidir le conas iad a úsáid. Is amhlaidh atá i gcás comhlachais earnála ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar fheasacht a mhúscailt i measc FBManna in earnáil an iompair, ar minic nach mbíonn ach acmhainní nó acmhainneacht theoranta acu chun eolas a fháil faoi chláir nó cistí ábhartha náisiúnta agus de chuid an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart

65 Féach, mar shampla, an forbhreathnú ar chláir chistiúcháin náisiúnta agus earnála a shainaithnítear in: An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Study on social aspects within the maritime transport sector: final report* [Staidéar ar ghnéithe sóisialta laistigh d'earnáil an mhuiriompair: an tuarascáil deiridh], Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/a14413d7-bf30-11ea-901b-01aa75ed71a1/language-en.

66 https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1530&langId=ga

67 https://pact-for-skills.ec.europa.eu/community-resources/knowledge-hub_ga

68 https://digital-skills-jobs.europa.eu/en/opportunities/funding

d'eagraíochtaí fostóirí agus d'ionadaithe oibrithe a riachtanais shonracha a chur in iúl le linn chéim deartha na gclár nó na gcistí sin.

22. Ba cheart **do lucht ceaptha beartas agus d'údaráis phoiblí** ar an leibhéal náisiúnta rochtain ar fhaisnéis faoi na hionstraimí cistiúcháin ábhartha a chur chun cinn agus a éascú. Agus tosaíochtaí do na cláir nó do na cistí sin á socrú acu, ba cheart dóibh dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear iad siúd ó earnáil an iompair, maidir lena riachtanais shonracha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29.11.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Adina Vălean*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach